C/2025/1598

13.3.2025

CINNEADH Uimh. S12

an 16 Deireadh Fómhair 2024

a bhaineann le haisíoc cúram sláinte maidir le haistriú othar go Ballstát eile i gcás líon mór taismeach tar éis tubaistí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus Comhaontú CE/na hEilvéise)

(C/2025/1598)

TÁ AN COIMISIÚN RIARACHÁIN UM CHOMHORDÚ NA gCÓRAS SLÁNDÁLA SÓISIALTA,

Ag féachaint d'Airteagal 72(a) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta ([1]), faoina bhfuil an Coimisiún Riaracháin freagrach as déileáil leis na ceisteanna riaracháin nó ceisteanna léirmhíniúcháin uile a eascraíonn as forálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme ([2]),

Ag féachaint d'Airteagail 20 agus 27(3) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le taisteal chun sochair chomhchineáil a fháil,

Ag féachaint d'Airteagal 26 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Nuair a tharla olltubaiste i mBallstát (mar shampla mórdhóiteáin, timpistí ceimiceacha/núicléacha, nó paindéimí), a d'fhág gur aistríodh othair chuig Ballstát eile, ní raibh sé soiléir i gcónaí cén Ballstát a bhí freagrach as na costais cúraim sláinte a iompar ná cén bunús dlí a bhí leis.

(2) D'fhéadfadh deacrachtaí praiticiúla a bheith ann ós rud é gur féidir le níos mó ná dhá Bhallstát a bheith rannpháirteach i gcás olltubaiste thaismeach, rud a éilíonn cur chuige dlíthiúil aonfhoirmeach maidir leis an ábhar sin.

(3) De bhun chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (go háirithe ina breithiúnas*Elchinov* an 5 Deireadh Fómhair 2010 ([3])), ní féidir leis an gceanglas maidir le húdarú roimh ré cosc a chur ar an gceart chun aisíocaíochta i leith cóireáil ospidéil nuair a chomhlíontar na coinníollacha eile sa Bhallstát inniúil. Dá bhrí sin, aistriú na ndaoine árachaithe chuig Ballstát seachas an Ballstát inniúil chun cúram sláinte an-phráinneach a fháil tar éis olltubaiste thaismeach, ba cheart an t-aistriú sin a mheas mar chás a thagann faoi raon feidhme Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

(4) I gcás nach bhfuil an inniúlacht ag an mBallstát inar tharla an olltubaiste thaismeach an cúram sláinte an-phráinneach a chur ar fáil do na daoine gortaithe/breoite, léirítear leis an ngá iad a aistriú chuig Ballstát eile nárbh fhéidir an cúram sláinte lena mbaineann a chur ar fáil laistigh de theorainn ama a bheadh inchosanta ó thaobh leighis de, mar a cheanglaítear le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

(5) In imthosca sonracha olltubaistí taismeacha, is minic a bhíonn sé an-chasta an aimsearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chomhlíonadh agus údarú roimh ré a iarraidh chun cúram sláinte a fháil i mBallstát eile.

(6) An cinneadh othair a aistriú chuig Ballstát eile tar éis olltubaiste thaismeach, is toradh é ar mheasúnú leighis arna dhéanamh ag soláthraí cúraim sláinte sa Bhallstát inar tharla an tubaiste. Toisc go mbeadh sé an-chasta iarracht a dhéanamh forbhreathnú uileghabhálach a thabhairt ar an méid a d'fhéadfadh a bheith ina olltubaiste thaismeach, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chuige cás ar chás maidir leis seo.

([1]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
([2]) IO L 284, 30.10.2009, lch. 1.
([3]) Cás C-173/09, *Elchinov*, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2010.

(7) In imthosca sonracha olltubaistí taismeacha, is gné dhílis den chóireáil féin é an t-aistriú chuig an mBallstát cóireála agus ón mBallstát cóireála (i gcás inar aistríodh an t-othar toisc nach raibh cúram sláinte an-phráinneach ar fáil 'laistigh de theorainn ama atá inchosanta ó thaobh leighis de'). Fiú mura bhforálann an Ballstát inniúil maidir le haisíoc na gcostas taistil agus fanachta, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh, ar bhonn eisceachtúil, na costais sin a chumhdach.

(8) I gcás ina n-aistrítear othair chuig Ballstát eile i gcás olltubaiste thaismeach, soláthraíonn an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) seirbhís 24/7 lenar féidir an t-iompar leighis riachtanach a chomhordú agus a chómhaoiniú. Nuair a dhéanann na Ballstáit cinneadh an cúnamh sin a iarraidh, gníomhachtóidh ERCC an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta i gcomhréir lena nósanna imeachta caighdeánacha. ([4])

(9) Le treoirlínte maidir le hobair leantach agus / nó leanúint den chóireáil tar éis na hothair a aistriú abhaile, sa Bhallstát cónaithe nó sa Bhallstát inniúil, (e.g., malartú tuarascálacha liachta, aitheantas oideas, etc.), d'fhéadfaí an bealach a láimhseáiltear cásanna den sórt sin idir na Ballstáit uile lena mbaineann a éascú.

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 71(2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

1. Leis an gCinneadh seo, leagtar síos na rialacha maidir le haisíoc cúram sláinte i gcás ina n-aistrítear othair chuig Ballstát eile i gcás líon mór taismeach tar éis tubaistí.

2. Na sochair chomhchineáil a sholáthraítear do dhaoine gortaithe/breoite atá árachaithe i mBallstát agus a aistrítear chuig Ballstát seachas an Ballstát inniúil nó an Ballstát cónaithe (i gcás ina bhfuil sé/sí cláraithe le doiciméad S1 nó SED S072), tar éis olltubaiste thaismeach, tagann siad faoi Airteagail 20 agus 27(3) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

3. I gcás olltubaiste thaismeach, eiseoidh an Ballstát inniúil údarú S2 *a posteriori* de bhun Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, ionas go gcumhdóidh an Ballstát inniúil costas na sochar comhchineál a sholáthraítear sa Bhallstát cóireála (i gcás ina n-aistrítear an t-othar, ach nach bhfuil sé árachaithe ná cláraithe le doiciméad S1 nó SED S072).

4. I gcás ina dtarlaíonn olltubaiste thaismeach sa Bhallstát cónaithe (i gcás ina bhfuil an t-othar cláraithe le doiciméad S1 nó SED S072) agus ina n-aistrítear an t-othar chuig Ballstát seachas an Ballstát inniúil, eiseoidh an Ballstát cónaithe údarú S2 *a posteriori* de bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, ionas go gcumhdóidh an Ballstát inniúil costais na sochar comhchineál sa Bhallstát cóireála (i gcás ina n-aistrítear an t-othar, ach nach bhfuil sé árachaithe ná cláraithe le doiciméad S1 nó SED S072) agus Airteagail 20(4) agus 27(5) de Rialachán (CE) Uimh 883/2004 á gcur san áireamh.

5. Léireofar go soiléir le húdarú S2, a eisítear *a posteriori* i gcomhréir le míreanna 3 nó 4, go mbaineann sé le cúram sláinte an-phráinneach le haghaidh othar atá aistrithe chuig Ballstát eile mar gheall ar olltubaiste thaismeach.

6. Tabharfaidh na Ballstáit tús áite do mheasúnú cás ar chás agus iad ag cinneadh an olltubaiste thaismeach atá i gceist le cás áirithe.

Tugtar liosta neamh-uileghabhálach de na cásanna is féidir a mheas mar 'olltubaiste thaismeach' san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

([4]) https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/what/civil-protection/eu-civil-protection-mechanism_en?prefLang=ga&etrans=ga.

7. De bhun Airteagal 26(8) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, i gcás ina ndéantar, le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit inniúil, foráil maidir le haisíoc na gcostas taistil agus fanachta atá doscartha ó chóireáil an duine árachaithe, is é an Ballstát inniúil a d'eisigh doiciméad S2 (nó ar thar a cheann a d'eisigh an Ballstát cónaithe doiciméad S2 de bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009) a íocfaidh na costais iompair chuig an mBallstát cóireála agus ón mBallstát cóireála (lena n-áirítear ón mBallstát cóireála chuig an mBallstát cónaithe), i gcás ina n-aistrítear othair tar éis olltubaiste thaismeach.

   Mar sin féin, féadfar an Ballstát inniúil – i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla – a chinneadh na costais iompair, agus na costais ghaolmhara eile a aisíoc, fiú mura ndéantar foráil maidir leis sin ina reachtaíocht náisiúnta.

8. Tá an Cinneadh seo gan dochar do na comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit maidir le cúram sláinte trasteorann.

9. Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón gcéad lá den dara mí tar éis a fhoilsithe.

Cathaoirleach an Choimisiúin Riaracháin
Ildikó Pákozdi

IARSCRÍBHINN

Samplaí neamh-uileghabhálacha d'olltubaistí taismeacha:

— mórdhóiteán

— mórthimpiste iompair (mórthimpiste aeir, bóthair nó muirí)

— timpiste cheimiceach

— timpiste núicléach

— paindéim

— crith talún

— tuile

— buamáil

— maidhmeanna